Foras na Gaeilge

Sonraíocht faoin bPearsa

Teideal an Phoist:	Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Freagrach do:	An Clárbhainisteoir

Próifíl an Phoist:	Beidh an t-oifigeach freagrach as réimse leathan d'fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge a bhaineann le stádas, sealbhú agus úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích ar bhonn uile-oileáin agus as a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileáin.

Critéir Riachtanacha

- Ardchumas sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, agus tiomantas don teanga.
- Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa mar aon le hardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine i gcomhthéacs oibre.
- Eolas nó taithí ar chláir agus thionscnaimh teanga a fhorbairt agus a chur i gcrích a bhaineann le stádas, sealbhú, nó le húsáid na Gaeilge.
- Eolas nó taithí ar chuspóirí agus ar spriocanna rannóige a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Ceadúnas tiomána reatha.

Critéir Inmhianaithe

- Oideachas tríú leibhéal.
- Eolas agus/nó taithí ar na córais oideachais thuaidh agus theas.
- Eolas agus/nó taithí ar fhorbairt gnóthaí óige i gcomhthéacs mionteanga.
- Taithí ar bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais.

Foras na Gaeilge

Sonraíocht faoin bPearsa

Tréithe Pearsanta

- Ábalta dul i gcion ar dhaoine;
- Ardscileanna cur i láthair;
- Ball láidir foirne;
- Ábalta a bheith ag obair as a stuaim féin agus freagracht a ghlacadh air/uirthi féin agus cinntí a dhéanamh;
- Duine ionraic chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann Fhoras na Gaeilge ar bhealach gairmiúil cuí;
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach;
- Ardscileanna eagrúcháin;
- Muiníneach.